# Ráiteas Cosanta Sonraí

## *An Chairt um Chuimsiú Digiteach*

Tá do phríobháideachas tábhachtach dúinn, agus táimid tiomanta go hiomlán do do chuid faisnéise pearsanta a choinneáil slán. Tá sé mar aidhm ag an ráiteas cosanta sonraí seo faisnéis a thabhairt duit faoin bhfaisnéis phearsanta a bhailímid fút agus faoin gcaoi a n-úsáidtear agus a gcomhroinntear an fhaisnéis sin nuair a chomhlánaíonn tú an Fhoirm don *Chairt um Chuimsiú Digiteach*. Leagtar amach do chearta príobháideachais leis freisin. Glac nóiméad, le do thoil, chun tú féin a chur ar an eolas faoinár gcleachtais phríobháideachais ionas go mbeidh tú láneolach ar an gcaoi a bhfuilimid ag úsáid do shonraí pearsanta agus cén fáth.

### 1. Rialaitheoir Sonraí

Is **Rialaitheoir Sonraí** don *Chairt um Chuimsiú Digiteach* é an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (an "Roinn").

Ciallaíonn sé sin go bhfuil freagrachtaí áirithe orainn nuair a phróiseálaimid, nó a "úsáidimid" do Shonraí Pearsanta. Áirítear mar chuid de na freagrachtaí sin go gcuirimid faisnéis ar fáil duit maidir le do shonraí pearsanta. Tá an fhaisnéis sin leagtha amach sa Ráiteas Cosanta Sonraí seo.

### 2. Ár nOifigeach Cosanta Sonraí

Tá **Oifigeach Cosanta Sonraí**, Celyna Coughlan, Uasal, ceaptha againn ar féidir leat teagmháil a dhéanamh léi má tá aon cheist agat maidir leis an ráiteas cosanta sonraí seo, lenár gcleachtais phríobháideachais nó más mian leat do chearta sonraí a fheidhmiú. Is féidir teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost ag: dataprotection@enterprise.gov.ie. Tá meas againn ar do chuid tuairimí. Má tá aon cheist nó barúil agat maidir leis an ráiteas cosanta sonraí seo, déan teagmháil linn ag: dataprotection@enterprise.gov.ie.

### 3. Cad í an Chairt um Chuimsiú Digiteach?

Is sraith gealltanas í an Chairt um Chuimsiú Digiteach ar féidir le gnólachtaí agus eagraíochtaí eile clárú léi chun a gcuid iarrachtaí a uasmhéadú chun cur leis an mbearna dhigiteach a dhúnadh trí bhunscileanna digiteacha a chur chun cinn, feasacht a chothú agus cabhrú le daoine dul ar líne.

Agus an *Fhoirm don Chairt um Chuimsiú Digiteach* á comhlánú agat, beidh roinnt sonraí pearsanta ag teastáil, amhail ainm na ndaoine ainmnithe, seoladh ríomhphoist, etc. (féach cuid 4 thíos le haghaidh sonraí).

Úsáidfear aon fhaisnéis phearsanta a bhailítear le linn chomhlánú na foirme chun clárú do chuideachta nó d'eagraíochta a phróiseáil le go n-áireofar í sa *Chairt um Chuimsiú Digiteach*. Nuair a bheidh an próiseas críochnaithe go rathúil, cuirfear ainm do ghnólachta/eagraíochta leis an liosta sínitheoirí a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## 4. An fhaisnéis a iarrfaimid san fhoirm a gcaithfidh tú a chomhlánú chun clárú le bheith san áireamh sa Chairt um Chuimsiú Digiteach.

Chun iarratas a dhéanamh chun do chuideachta a chur san áireamh sa *Chairt um Chuimsiú Digiteach*, beidh ort foirm ar líne a chomhlánú. Iarrfar faisnéis faoi leith ort leis an bhfoirm sin, lena n-áirítear roinnt sonraí pearsanta. Áireofar leis sin:

- na gealltanais cuimsithe dhigitigh lena bhfuil d'eagraíocht ag clárú;
- cur síos ar an gcaoi a léireoidh d'eagraíocht na gealltanais sin;
- sonraí faoi d'eagraíocht nó do ghnólacht (ainm, earnáil, suíomh gréasáin);
- faisnéis teagmhála d'ionadaí ainmnithe (ainm agus ríomhphost).

Ní chomhroinnfear an seoladh ríomhphoist sin, ná aon fhaisnéis eile atá leagtha amach thuas, le tríú páirtithe ná le cleamhnaithe chun críoch margaíochta ná bolscaireachta.

Iarraimid ort gan faisnéis phearsanta a chur isteach mar chuid den téacs saor atá le cur isteach i gcuid 2 den Fhoirm Ar Líne.

## 5. Cén fáth a bhfuilimid ag úsáid do shonraí pearsanta?

Úsáidfimid do shonraí pearsanta chun:

- Rannpháirtíocht d'eagraíochta sa *Chairt um Chuimsiú Digiteach* a thaifeadadh agus a aithint go poiblí;
- Cumarsáid a dhéanamh le d'eagraíocht maidir le tionscnaimh agus nuashonruithe a bhaineann leis an gCairt;
- Dea-chleachtais i gcuimsiú digiteach a fhorbairt agus a chomhroinnt;
- Comhoibriú agus tuairisciú ar dhul chun cinn a éascú.

## 6. Cad é an bunús dlí atá againn le do shonraí pearsanta a úsáid?

Ceanglaítear orainn faoin dlí um chosaint sonraí an bunús dlí a bhaineann lenár n-úsáid de do shonraí pearsanta a chur in iúl duit. Seo iad (de réir mar is ábhartha):

- Airteagal 6(1)(e) RGCS - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun **cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail** nó **i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Rialaitheoir** (sa chás seo, is é an Rialaitheoir an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta; an "Roinn"); agus

- Airteagal 6(3) RGCS - déantar foráil maidir leis an bpróiseáil faoi **Airteagal 6(1)(e) faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit** – sa chás seo, is é an dlí ábhartha de chuid an Aontais agus an dlí náisiúnta: An tAcht Airí agus Rúnaithe (arna leasú), 1924.

Is gealltanas faoin Treochlár Ionchuimsitheachta Digití í an Chairt a bhaineann freisin le Leas a Bhaint as Digitiú - an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta.

## 7. Cé ag a bhfuil rochtain ar na sonraí?

Foireann na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) atá freagrach as an g*Cairt um Chuimsiú Digiteach*.

## 8. Stóráil agus coinneáil sonraí

Stórálfaidh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta do shonraí pearsanta go slán, agus ní choinneoidh ná ní úsáidfidh sí do chuid faisnéise pearsanta ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Coinneofar d'fhaisnéis fad a bheidh d'eagraíocht fós ina sínitheoir leis an gCairt, nó go dtí go n-iarrfaidh tú í a bhaint.

## 9. Aistrithe idirnáisiúnta

Ní aistrímid do shonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

## 10. Do chearta sonraí

Tá cearta áirithe agat faoin dlí um chosaint sonraí i ndáil leis an gcaoi a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta. Tá an ceart agat, saor in aisce:

- **Cóip** den fhaisnéis phearsanta atá againn fút a iarraidh. Is féidir leat é sin a dhéanamh tríd an bhfoirm Iarratas Duine ar a Sonraí a chomhlánú. Tá cóip den fhoirm ar fáil anseo.
- Aon **fhaisnéis** phearsanta **mhíchruinn** atá againn fút a cheartú. Má tá do shonraí pearsanta easnamhach, tá sé de cheart agat go gcomhlánófaí na sonraí, lena n-áirítear trí fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar.
- **Srian** a chur ar phróiseáil do chuid faisnéise pearsanta i gcúinsí teoranta áirithe (e.g. má tá agóid déanta agat i gcoinne chruinneas do shonraí pearsanta, ar feadh tréimhse a chuirfidh ar ár gcumas an cruinneas a fhíorú).
- Gan a bheith faoi réir cinneadh atá bunaithe go hiomlán ar **phróiseáil uathoibrithe** i gcás ina mbíonn éifeacht dlí ag an gcinneadh sin ort nó i gcás ina mbíonn tionchar suntasach aige ort ar shlí eile. Ní dhéanaimid cinntí uathoibrithe den chineál sin.

Féadfaimid bearta a dhéanamh chun d'aitheantas a fhíorú. Déanfaimid é sin trí thagairt a dhéanamh do chóipeanna de dhoiciméid aitheantais inghlactha a chuir tú ar fáil.

## 11. Gearán a dhéanamh

Ar an gcéad dul síos, iarraimid ort **teagmháil a dhéanamh linn go díreach** má tá imní ort faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chugainn ag: dataprotection@enterprise.gov.ie.

Is féidir leat freisin Gearán a Dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) má tá imní ort faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta.

## 12. Athruithe ar an ráiteas cosanta sonraí seo

Féadfaimid an ráiteas cosanta sonraí seo a thabhairt cothrom le dáta ó am go ham. Má dhéanaimid athruithe, cuirfimid ar an eolas thú sula dtiocfaidh na hathruithe i bhfeidhm trí ráiteas a phostáil ar ár suíomh gréasáin.

**8 Lúnasa 2025**